# LÁ 1: ÁR SCOIL CHAITLICEACH: TRAIDISIÚN BEO

## EOCHAIRFHOCAIL:

**Traidisiún** **Creideamh** **Réasún**
**Scoil Chaitliceach** **Rúndiamhair**
**Cóir** **Ceanúil** **Umhal** **Naofa** **Saolta**

Éist: https://youtu.be/WgMUCecG3UQ (3nóim 52)

Freagra:
'An ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair Dé' (Míoca 6:8)

Thug an tAthair Michael Drumm aitheasc ar an 17 Lúnasa 2012 bunaithe ar an gceist: 'Cad is scoil Chaitliceach ann?'

Tá an freagra a thug sé thíos:

> 'Deir Naomh Matha linn go ndearna Íosa teagasc le húdarás … deir an fáidh Míocá go bhfuil Dia ag moladh dúinn: 'An ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair Dé'. An bhféadfadh an scoil Chaitliceach mana nó ráiteas misin níos fearr ná sin a bheith acu: múineadh le húdarás, an ceart a dheanamh, grá ceanúil a bhronnadh agus siúl go humhal i bhfochair Dé?'
>
> (www.kandle.ie)



Cad is brí leis an ráiteas thuas?
Má theastaíonn uainn sampla Íosa a leanúint sa scoil Chaitliceach, caithimid ionad ionraic, maiteach, cóir, comhbhách, cothrom, measúil, aireach, fáilteach, grámhar a thógáil.

Machnamh: Má bhímid ag smaoineamh ar luachanna an tsoiscéil smaoinigh ar an taithí atá agatsa maidir le ceann ar bith acu. Conas mar a mhothaigh tú nuair a tharla an eachtra?

Obair i bPéirí: I ngrúpaí beaga déan eachtraí éagsúla a aithint inar thug sibh faoi deara go raibh gach aon cheann de luachanna an tSoiscéil luaite thíos á chur i bhfeidhm sa saol.
(D'fhéadfadh gur cara, oide, ball foirne, dalta ón rang ba chúis leis).

| LUACHANNA AN TSOISCÉIL | SAMPLA |
|---|---|
| Ionracas | |
| Maithiúnas | |
| Comhbhá | |
| Cothroime | |
| Cothrom na Féinne | |
| Dóchas | |
| Trócaire | |
| Muintearas | |
| Muinín | |
| Ionbhá | |
| Cúram | |
| Meas | |
| Glacadh | |
| Grá | |

Éist leis an amhrán i dtosach báire. An freagra ná: 'An ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair Dé' (Míocá 6:8). Tá samplaí anseo de bhriathra na Scrioptúr a bheith á gcur i bhfeidhm.

**F** Féach: https://youtu.be/g5kcLpo0xwo (2nóim) - An chóir a dhéanamh

**P** Plé: Pléigh le do pháirtí an chóir a bhí le sonrú anseo.










Féach ar íomhánna na trócaire thuas le do pháirtí agus tabhair míniú orthu.

Féach: https://youtu.be/bgPpwb2Clx4 (4nóim 10) - Siúl go humhal

Plé: Déan an umhlaíocht atá le sonrú anseo a phlé le do pháirtí

Obair Shínithe: Faigh breis samplaí tú féin nó le duine eile, de: 'An ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair Dé'

Machnamh: Cén buntáiste a bheadh ann dá mbeadh an chóir á dhéanamh ag na daltaí ar fad ar scoil, iad grámhar ceanúil agus iad ag siúl leo go humhal?

Bíonn gach Críostaí ag iarraidh Rúndiamhair Chríost a thuiscint. Bíonn na Scrioptúir á léamh againn, bímid ag freastal ar cheiliúradh na hEocairiste, ag guí agus ag machnamh ar shaol Íosa, agus ag iarraidh doimhneacht a chur lenár gcreideamh. Tugtar traidisiún beo ar an gcreideamh atá againn. Cuireadh ar aghaidh chugainne é, bíonn sé le sonrú sa duine eile chomh maith. Bíonn tionchar nach beag aige ar ár saol.
Deir an tAthair Michael Drumm gurbh é an Traidisiún seo an bhunchloch do na scoileanna Caitliceacha. Is traidisiún láidir é an traidisiún Gaelach. Ó aimsir Phádraig i leith bítear ag iarraidh an soiscéal a scaipeadh agus an dea-scéal a roinnt. Sa bhliain 2010, d'fhoilsigh comhdháil na n-easpag treoir darbh ainm Share the Good News: National Directory for Catechesis in Ireland. Déantar dhá théacs a scrúdú ann. Is le Naomh Pádraig ceann acu, agus le Naomh Fursa an ceann eile. Léigh an dá théacs.

Go raibh cuing reachta Dé ar an ngualainn seo....
Go raibh comhartha Chríost san éadan seo....
Go raibh obair eaglais Dé sna lámha seo....
Go raibh leas Dé agus na gcomharsan sna cosa seo....
(N Fursa)

Críost liom, Críost romham, Críost i mo dhiaidh,
Críost fúm, Críost os mo chionn, Críost i gcroí gach duine atá ag cuimhneamh orm,
Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim. Críost mar chara agam, anois is go buan...
(Lúireach Phádraig)

Plé: An bhfuil cosúlachtaí idir an dá théacs? An bhfuil difríocht ann maidir leis na paidreacha a d'fhoghlaim sibhse agus sibh ag fás aníos?

Obair Shínithe: Tionscadal
Léigh *Share the Good News* (lth. 16–21).
- Déan achoimre ar stair an traidisiúin Chríostaí in Éirinn ó aimsir Phádraig go dtí an lá atá inniu ann.

Nó

- Cruthaigh amlíne: Stair an traidisiúin Chríostaí in Éirinn.

Féach: https://youtu.be/i0xHAslpeJw (1nóim 13)

Freagair na ceisteanna:
- An ndéanann Katie Taylor an creideamh a chleachtadh ar an Domhnach amháin nuair a bhíonn sí ag freastal ar an eaglais?
- Cén fáth a dtugann sí leis an stádas a bhain sí amach? Cad é an pháirt a ghlac Dia ina cuid gníomhartha móra?

Thug an tAthair Michael Drumm léargas ar na prionsabail is tábhachtaí a bhaineann leis an oideachas sa scoil Chaitliceach; creideamh agus réasún. Déanann creideamh tagairt do na rudaí ina gcreidimid – bíonn muinín againn astu. Déanann an réasún tagairt don fhianaise atá againn maidir leis an gcreideamh. Cabhraíonn an réasún, an rud loighciúil linn tuiscint níos fearr a bheith againn ar chúrsaí.
Ceapann Katie Taylor gur fianaise é an rath a bhí ar a saol mar dhornálaí go raibh an ceart aici muinín agus creideamh i nDia a bheith aici. Caithfidh an scoil Chaitliceach ár gcreideamh agus ár réasún a fhorbairt. Déanann creideamh tagairt don saol Naofa, baineann an réasún leis an domhan saolta, ceaptar. Labhair an Pápa Beinidict i halla Westminster sa bhliain 2010. Ar sé: 'Ceapaim go mbíonn an saol bunaithe ar réasún agus an saol bunaithe ar chreideamh – an réasúntacht shaolta agus an creideamh reiligiúnach, ag brath ar a chéile, agus gur ceart go mbeadh dialóg dhomhain leanúnach eatarthu ar mhaithe leis an gcine daonna.

F

Féach: https://youtu.be/O_l_jw3Dc7A (4nóim 56)

M

Machnamh: Chonaic sibh an físeán. An aontaíonn sibh le ráiteas an Phápa Beinidict? Ar chuir ráiteas ar bith ó eolaí iomráiteach maidir le creideamh i nDia ionadh ort?

Sa phaimfléad Share the News tugtar liosta de chomhartha sóirt na spioradáltachta Críostaí Éireannach, den traidisiún beo:

1. Spioradáltacht i gcomhréir leis an nádúr, glactar leis le meas agus urraim fiú nuair a bhíonn eachtraí foréigneacha ann
2. Spioradáltacht nádúrtha bunaithe ar mheon reiligiúnach na ndaoine
3. Creideamh bunaithe ar an taithí agus ar an ngrá ag na daoine do na Scrioptúir
4. Grá agus dúthracht do phearsa Íosa Críost, dá Pháis agus don Aifreann
5. Grá do Mhuire, do na haingil agus na naoimh, do Mhuire máthair Dé
6. Spiorad an mhuintearais –comhluadar, comhoibriú, cairdeas, cineáltas, gaol maith, an meitheal, gaol le hÍosa agus a mhuintir, creideamh sa saol atá le teacht
7. Ceangal idir an saol áitiúil agus corp Chríost, muintir na cruinne uile a bheith mar chlann Dé
8. A bheith fáilteach mar a mholtar sa Soiscéal, Críost ar chuairt chugainn
9. Aithrí agus féindiúltú a bheith mar bhealach le bheith i bpáirt le bás Íosa Críost
10. Feiniméan na hoilithreachta
11. Dáimh a bheith againn leis na mairbh, dílis don saol a d'imigh uainn, ach ag leanúint leis na traidisiúin is fearr atá tugtha síos chugainn.

Ó Share the Good News: National Directory for Catechesis in Ireland,
curtha in oiriúint ó J.J. Ó Ríordáin, Irish Catholic Spirituality: Celtic and Roman, l.11



Obair don duine aonair nó don ghrúpa: Pioc ceann de shainchomharthaí na spioradáltachta Críostaí agus déan tuilleadh taighde faoi. An bhfuil nasc idir aon cheann acu agus do mhuintir féin? An ndeir Mamó 'Buíochas le Dia'? An ndeir Daideo 'Dia Linn' má ligtear sraoth? (2) Ar tháinig an sagart chuig duine de na comharsana chun Aifreann stáisiúin a léamh?(8). Déan taighde faoin oilithreacht in Éirinn. An bhféadfá agallamh a chur ar dhuine a chuaigh go Cruach Phádraig nó go Loch Dearg? (10)
An bhfuil tobar beannaithe sa chomharsanacht? (5) An rud is tábhachtaí atá le déanamh ná naisc a aimsiú idir na tréithe atá luaite thuas agus do shaol féin.